

“Más buan mo chuimhne” Ag dul siar ar bhóithrín na smaointe

SUS



Tuiscint & forbairt foclóra
Is é is trua ...; íde béil...; ós ag caint ar ...; a dhóthain



Feasacht teanga
An tuiséal tabharthach



Scileanna cumarsáide
Frásaí a bhaineann le dul siar ar bhóithrín na smaointe le cara

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun cabhrú leat na bearnaí sa chomhrá a líonadh.

dhóthain mo chuimhne	íde béil ós ag caint ar	an-lá an trua	an gar fhíorthuisceanach.
-------------------------	----------------------------	------------------	------------------------------

Malachaí:	Ah, Theodore, is é _____ gur chaill muid an poll deiridh sin. Ach cén dochar! <i>Sure</i> , bhí _____ againn, nach raibh?		
Theodore:	Ó bhí, agus oíche fosta, más buan _____.		
Elanore:	Bhí an ghrian ag éirí nuair a leaindeáil sé sa mbaile.		
Malachaí:	Is dócha go bhfuair tú _____ mar sin. Cosúil liom féin.		
Elanore:	Ní bhfuair sé leath a _____.		
Malachaí:	Ó anois, ní chreidim é sin. Bean _____ a bhí ionatsa riamh, a Elanore. Tá a fhios agam é sin.		
Theodore:	Nach mór _____ domhsa gurb é?		
Elanore:	_____ mhná ... níor chas mé le do pháirtí fós, a Mhalachaí ...		

2. An frása ‘an-lá’

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo le chéile:

a) Cad is brí le ‘bhí an-lá againn’?	
b) Bainigí úsáid as an réimír an- chun <i>we had a great night a rá</i> as Gaeilge.	

3. Frásaí chun ábhar cainte a athrú

Cuirigí na frásaí seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

Ós ag caint ar ...	
Dála an scéil...	
Mo dhearmad!	

B: FEASACHT TEANGA

1. An tuiseal tabharthach: an córas lárnach agus nósanna na gcanúintí

Ar thug tú faoi deara an tslí a ndúirt Elanore *at home*? Cén tslí a ndeir tú féin *at home*?

a) An córas lárnach

Nuair a bhíonn réamhfocal agus an t-alt ag teacht roimh ainmfhocal sa Ghaeilge, is minic a chuirtear séimhiú nó urú ar an ainmfhocal. Tá difríochtaí idir na canúintí éagsúla maidir leis an ngné seo den ghramadach. Tugtar ‘an córas lárnach’ ar na rialacha a dtugtar tús áite dóibh sa Chaighdeán Oifigiúil agus cloítear leis na rialacha sin de ghnáth i gcáipéisí áirithe foirmiúla, ach glactar leis na nósanna canúnacha freisin sa ghnáthchumarsáid.

Cad iad na rialacha a bhaineann leis an ‘gcóras lárnach’ den tuiseal tabharthach?

Léirigh iad sna samplaí seo a leanas. Tá dhá cheann déanta mar shampla duit.

	Grúpa 1: ar an, ag an, leis an, roimh an, as an, faoin, ón, srl.	Grúpa 2: den, don, sa
b	ar an + bóthar = ar an mbóthar	don + bus = don bhus
c	ag an + cailín	den + cathaoir
g	leis an + gasúr	sa + gairdín
f	ón + Frainc	don + fear
p	faoin + polaitíocht	den + pictiúr
t	ar an + teilifís	sa + teach
d	roimh an + deacracht	den + díon
s (bain.)	ón + Sín	sa + Seapáin
s (fir.)	as an + sráidbhaile	don + sráid

b) **An tuiséal tabharthach sna canúintí**

Féach ar gach sampla den tuiséal tabharthach thíos agus abair cén chanúint lena mbaineann siad:

Nós sa tuiséal tabharthach	Samplaí	Canúint
sa + urú	<i>sa mbaile, sa gcarr</i>	
ar an, ag an, leis an, faoin + séimhiú	<i>ar an bhus, ag an chailín, faoin ghasúr</i>	
den/don + urú	<i>den bhfear, don gceist</i>	

c) **Plé: An Caighdeán Oifigiúil vs na canúintí**

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléig na ceistanna seo le chéile:

- Cén chanúint atá agat féin? Cén fáth a bhfuil an chanúint sin agat?
- An mbíonn ort do chanúint a mhaolú in amanna? Cén fáth?
- An úsáideann tú an Caighdeán Oifigiúil nó do chanúint féin nuair a scríobhann tú? Cén fáth?

C: CUMARSÁID

1. Frásaí coitianta a úsáidtear nuair a chastar seanchara orainn

Tá frásaí áirithe a úsáidtear nuair a chasann muid le daoine **nach bhfaca muid le tamall**.

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na cinn seo thíos.

- a) An bhfuil na frásaí thíos ar eolas agaibh? An féidir libh smaoineamh ar chúpla sampla eile?

Is fada ó chonaic mé thú.

Is fada ó bhí muid ag caint.

Níl tú feicthe agam le stáir.

Níl tú feicthe agam le cuimhne na gcat.

Níl tú feicthe agam ó d'fhágamar an scoil/ó thosaigh tú an post nua.

Cén chaoi a bhfuil tú ó shin?

- b) Chonaic muid cuid de na frásaí sin a úsáidtear agus muid ag trácht ar an am atá caite san fhíseán. An cuimhin leat iad? Scríobh sna boscaí anois iad. Féach ar an bhfíseán arís más gá.

Frásaí a bhaineann leis an gcuimhne	Frásaí agus focail bheaga a bhaineann leis an am atá thart
An cuimhin leat? Is maith is cuimhin.	Ba ghnách linn ...
Nach maith an chuimhne atá agam air?	Tráth dá raibh ...

c) Líon na bearnaí sa chomhrá leis na frásaí a pléadh faoi cheist a) agus b) thuas. Beidh cúpla rogha agat. Cuir do chomhrá i gcomparáid le comhrá an duine in aice leat ansin.

Úna: Bhuel! Féach cé atá ann. _____.

Saoirse: Ó a Dhia, _____.

Úna: _____ an lá a bhuaigh muid an cluiche sin in éadan Chorcaí?

Saoirse: Is cuimhin go maith, agus más _____ tusa a scóráil an cúl deireanach. Na cianta cairbeacha ó shin.

Úna: _____. Bhí mé óg agus aclaí na laethanta sin.

Saoirse: Bhí cinnte. Scóráil tú agus gan ach cúpla soicind fágtha. _____ go mbeadh an lá linn.

Úna: Nach maith an chuimhne atá agam air _____.

4. Rólghníomhaíocht – ag dul siar ar bhóithrín na smaointe

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuimhní sí ar na hathruithe ar fad atá tagtha ar na réimsí seo a leanas de bhur saol féin le 5 -10 mbliana anuas. Breacaigí síos pointí eolais maidir leis na hathruithe is mó atá tagtha ar bhur saol féin.

N.B. Is féidir díriú ar eolas atá fíor nó is féidir ligean le do shamhlaíocht, más fearr leat!

Réimsí den saol	Fíricí
Áit chónaithe/cúrsaí lóistín	<i>Bhog mé go Baile Átha Cliath bliain ó shin.</i>
Cúrsaí teaghlaigh/clainne	
Cúrsaí grá/caidrimh	
Cúrsaí oibre	
Oideachas agus scileanna	
Caitheamh aimsir/ábhair spéise	
Cairde/saol sóisialta	
Taisteal	

b) Tugaigí faoin rólghníomhaíocht anois agus bíodh an t-eolas a phléigh sibh le chéile ar ball mar chuid den chomhrá. Bíodh comhrá agat le duine amháin eile ansin, ach bígí cinnte gan na topaicí céanna a phlé.

Bhuail tú le seanchairde agus ní fhaca tú iad le seacht mbliana anuas! Tá go leor athruithe i do shaol ó shin.

5. Rólghníomhaíocht – mura bhfuil dul amú orm

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo a leanas.

- a) Beidh na frásaí thíos ag teastáil chun an comhrá a dhéanamh. Cén Ghaeilge atá agaibh orthu?

Strange. That's not how I remember it.	
If I remember it correctly.	
The memory I have is ...	
Are you sure that's what happened?	
I think (I'm thinking)	
Ah stop. I'm sure you're mistaken.	
I'm not sure ...	

- b) Samhlaígí gur sibhse an bheirt sa ghrianghraf. Tá sibh ag bualadh le chéile den chéad uair le fada. Téann sibh siar ar bhóithrín na smaointe agus tosaíonn sibh ag caint faoi fhéile cheoil ar fhreastail sibh uirthi timpeall cúig bliana ó shin. Níl sibh ar aon intinn faoi na cuimhní atá agaibh. Bíodh an comhrá sin agaibh anois, bunaithe ar na focail sna bolgáin.



- drochaimsir
- ag damhsa le chéile
- bia iontach
- an-chraic

- aimsir dheas
- damhsa liom féin
- drochbhia
- leadránach

FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

6. Líon na bearnaí

- Malacháí:** A Theodore, is é **an trua** gur chaill muid an poll deiridh sin. Ach cén dochar! *Sure*, bhí **an-lá** againn, nach raibh?
- Theodore:** Ó bhí, agus oíche fosta, más buan **mo chuimhne**.
- Elanore:** Bhí an ghrian ag éirí nuair a leaindeáil sé sa mbaile.
- Malacháí:** Is dócha go bhfuair tú **íde béil** mar sin. Cosúil liom féin.
- Elanore:** Ní bhfuair sé leath a dhóthain.
- Malacháí:** Ó anois, ní chreidim é sin. Bean **fíorthuisceanach** a bhí ionatsa riamh, a Elanore. Tá **a fhios** agam é sin.
- Theodore:** Nach mór **an gar** domhsa gurb é?
- Elanore:** **Ós ag caint** ar mhná ... níor chas mé le do pháirtí fós, a Mhalacháí. Sandy, nach ea?

2. An frása ‘an-lá’

Féach:

c) Cad is brí le ‘bhí an-lá againn’?	Bhí lá iontach againn. <i>We had a great day.</i>
d) Bainigí úsáid as an réimír an- chun <i>we had a great night a rá</i> as Gaeilge.	Bhí an-oíche againn.

7. Frásaí chun ábhar cainte a athrú

Cuirigí na frásaí seo thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

Ós ag caint ar	Ós ag caint ar Sheán (atá muid), ar chuala tú uaidh le déanaí?
Dála an scéil	Dála an scéil, cad é mar atá do mháthair na laethanta seo?
Mo dhearmad	Mo dhearmad! Tá rang agam.

B: FEASACHT TEANGA

1. Sa mbaile vs sa bhaile:

Tá canúint Chonnacht ag Elanore.

a) Féach:

Réamhfhocail	Grúpa 1: ar an, ag an, leis an, roimh an, as an, faoin, ón, srl.	Grúpa 2: den, don, sa
b	ar an + bóthar <i>ar an mbóthar</i>	don + bus <i>don bhus</i>
c	ag an + cailín <i>ag an gcailín</i>	den + cathaoir <i>den chathaoir</i>
g	leis an + gasúr <i>leis an ngasúr</i>	sa + gairdín <i>sa ghairdín</i>
f	ón + Frainc <i>ón Fhrainc</i>	don + fear <i>don fhear</i>
p	faoin + polaitíocht <i>faoin bpolaitíocht</i>	den + pictiúr <i>den phictiúr</i>
t	ar an + teilifís <i>ar an teilifís</i>	sa + teach <i>sa teach</i>
d	roimh an + deacracht <i>roimh an deacracht</i>	den + díon <i>den díon</i>
s (bain.)	ón + Sín <i>ón tSín</i>	sa + Seapáin <i>sa tSeapáin</i>
s (fir.)	as an + sráidbhaile <i>as an sráidbhaile</i>	don + sráid <i>don tsráid</i>

b) Féach:

Nós sa tuiséal tabharthach	Canúint
sa + urú: <i>sa mbaile</i>	Canúint Chonnacht
Ar an, ag an, leis an, faoin + séimhiú: <i>Ar an bhus, ag an chailín, faoin ghasúr</i>	Canúint Uladh
Den / don + urú: <i>den bhfear, don gceist</i>	Canúint na Mumhan

2. Plé ar chanúint vs caighdeán

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceistanna a phlé le chéile sula bpléifidh tusa leis an rang iomlán iad.

C: CUMARSÁID

1. Frásaí coitianta a úsáidtear nuair a chastar seanchara orainn

- a) Pléigh aon cheann eile atá acu féin.
b) Féach:

Frásaí	Frásaí agus focail bheaga
An cuimhin leat? Is maith is cuimhin.	Ba ghnách linn ...
Nach maith an chuimhne atá agam air?	Tráth dá raibh ...
Más buan mo chuimhne ...	Fada ó shin/I bhfad ó shin/tamall fada siar ...
Cuireann sé sin i gcuimhne dom.	Na cianta cairbreacha ó shin.
Cuir i gcuimhne dom, meabhraigh dom arís ...	Lá dár saol
Tá na cuimhní beo i m'intinn i gcónaí.	(Is) beag a shíl mé.
Cén chaoi a bhfuil tú ó shin?	Ní bhíonn an t-am i bhfad ag imeacht.
Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin choíche.	Ní bhíonn an t-am i bhfad ag dul isteach.
Mura bhfuil dul amú orm.	

- c) Féach:

Úna:	Bhuel! Féach cé atá ann. Is fada ó chonaic mé thú.
Saoirse:	Ó a Dhia, níl tú feicthe agam le stáir.
Úna:	An cuimhin leat an lá a bhuaigh muid an cluiche sin in éadan Chorcaí?
Saoirse:	Is cuimhin go maith, agus más buan mo chuimhne tusa a scóráil an cúl deireanach.
Úna:	Na cianta cairbreacha ó shin. Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin choíche. Bhí mé óg agus aclaí na laethanta sin.
Saoirse:	Bhí cinnte. Scóráil tú agus gan ach cúpla soicind fágtha. Is beag a shíl mé go mbeadh an lá linn.
Úna:	Nach maith an chuimhne atá agam air. Ní bhíonn an t-am i bhfad ag imeacht.

2. Rólghníomhaíocht – ag dul siar ar bhóithrín na smaointe

- a)

Réimsí den saol	Fíricí
Áit chónaithe/cúrsaí lóistín	<i>Bhog mé go Baile Átha Cliath bliain ó shin.</i>
Cúrsaí teaghlaigh/clainne	<i>Tá deartháir beag nua agam.</i>
Cúrsaí grá/caidrimh	<i>Níl mé ag siúl amach le Séamas níos mó.</i>
Cúrsaí oibre	<i>Thug siad conradh buan dom.</i>
Oideachas agus scileanna	<i>Tá mé ag freastal ar rang oíche chun Spáinnis a fhoghlaim.</i>
Caitheamh aimsire/ábhair spéise	<i>Beidh mé ag glacadh páirt sa trí-atlan i mbliana.</i>
Cairde/saol sóisialta	<i>Bíonn an-chraic agam i mBaile Átha Cliath ó bhog mé anseo.</i>
Taisteal	<i>Beidh mé ag dul chun na Gréige sa samhradh le cara liom.</i>

b) Bí ag siúl timpeall le linn na rólghníomhaíochta chun cuidiú leo más gá. Iarr ar bheirt an comhrá a dhéanamh os comhair an ranga.

3. Rólghníomhaíocht – mura bhfuil dul amú orm

a) Féach:

<i>Strange. That's not how I remember it.</i>	Aisteach. Ní mar sin is cuimhin liomsa é.
<i>If I remember it correctly.</i>	Más buan mo chuimhnese
<i>The memory I have is ...</i>	Is é an chuimhne atá agamsa air ná ...
<i>Are you sure that's what happened?</i>	An bhfuil tú cinnte gur mar sin a tharla sé?
<i>I think (I'm thinking)</i>	Tá mise ag ceapadh gur
<i>Ara stop. I'm sure your mistaken.</i>	Dhera, <i>stop</i> . Is cinnte go bhfuil dul amú ort faoi sin.
<i>I'm not sure ...</i>	N'fheadar ...

b) Bí ag siúl timpeall le linn na rólghníomhaíochta agus tabhair cuidiú dóibh más gá. Iarr ar bheirt an comhrá a léiriú os comhair an ranga.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig Snas TV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 10. Más buan mo chuimhne – Ag dul siar ar bhóithrín na smaointe.

Níl aon ní níos deise ná casadh le seanchara agus a bheith ag caint faoin seanam agus na laethanta órga a bhí. Is í an aimsir chaite a úsáidtear ar ndóigh chun cur síos a dhéanamh ar an am atá thart. Ach baintear úsáid freisin as go leor frásaí coitianta chun cur leis an scéal atá á insint againn. *There's nothing like some good old reminiscing when we meet up with an old friend.* Sa cheacht seo, pléifidh muid an teanga a úsáidtear agus muid ag caint faoin am a chuaigh thart. *The phrases we use when taking a trip down memory lane.*

An mhír físe ó Ros na Rún

Malacháí: Ah, Theodore, is é an trua gur chaill muid an poll deiridh sin. Ach cén dochar!
Sure, bhí an-lá againn, nach raibh?

Theodore: Ó bhí, agus oíche fosta, más buan mo chuimhne.

Elanore: Bhí an ghrian ag éirí nuair a leaindeáil sé sa mbaile.

Malacháí: Is dócha go bhfuair tú íde béil mar sin. Cosúil liom féin.

Elanore: Ní bhfuair sé leath a dhóthain.

Malacháí: Ó anois, ní chreidim é sin. Bean fíorthuisceanach a bhí ionatsa riamh, a Elanore. Tá a fhios agam é sin.

Theodore: Nach mór an gar domhsa gurb é?

Elanore: Ós ag caint ar mhná ...níor chas mé le do pháirtí fós, a Mhalacháí. Sandy, nach ea?

Malacháí: Sadie ...

Ar thuig tú?

- Is é an trua – *what a shame*.
- Is mór an trua gur chaill siad ‘an poll deiridh’ – ar an ghalfchúrsa atá i gceist ag an bheirt fhear agus iad ag dul siar ar bhóithrín na smaointe.
- Bhí an-lá againn, bhí lá iontach againn.
- ‘Fosta’ – sin focal Ultach ar ‘freisin’.
- Más buan mo chuimhne – *if my memory serves me correctly*.
- íde béil – *a telling off*.
- Ní bhfuair sé leath a dhóthain – *he didn't get half enough. Dóthain, enough*.
- Fíorthuisceanach – *extremely, super understanding*.
- Nach mór an gar domhsa? – *Isn't it good for me, a lucky man I am to have such an understanding wife*, a deir Theodore. Níl aon dabht faoi ach go bhfuil an bheirt fhear seo breá ábalta a bheith ag plámás!

Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar na frásaí sin a úsáidtear chun dul siar ar bhóithrín na smaointe. *The phrases we use when reminiscing.* Is léir ón chomhrá sa mhír sin go raibh caitheamh i ndiaidh na seanlaethanta ag Malacháí agus ag Theodore. *It's clear from the conversation that they longed for the good old days.*

Tá go leor bealaí ann chun *I remember it well* nó *Do you remember?* a rá as Gaeilge. Dúirt Malacháí, 'más buan mo chuimhne.' Cad faoi na cinn seo?

An cuimhin leat?
Is maith is cuimhin.

Do you remember?
I remember well.

Nach maith an chuimhne atá agam air!
Más buan mo chuimhne ...
Cuireann sé sin i gcuimhne dom!
Cuir i gcuimhne dom
Meabhraigh dom arís

Don't I remember it well!
If I remember it correctly ...
That reminds me!

Remind me ...

Tá na cuimhní beo i m'intinn i gcónaí
Tháinig na cuimhní chugam go tréan

The memories live on in my mind
The memories came flooding back

Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin choíche.

I'll never forget that day.

Mura bhfuil dul amú orm

If I'm not mistaken

Cad faoi na focail bheaga sin agus na frásaí a úsáidtear i gcomhrá agus muid ag caint faoi na laethanta órga? Ar nós, *we used to, ages ago* agus mar sin de i mBéarla. Seo cuid acu.

Ba ghnách linn ...

We used to ...

Tráth dá raibh ...

Once upon a time ...

Fada ó shin/I bhfad ó shin/ Tamall fada siar ...

A long time ago ...

Na cianta cairbreacha ó shin

Ages ago ...

Lá dár saol ...

A day to remember ...

(Is) beag a shíl mé ...

I never would have thought ...

Ní bhíonn an t-am i bhfad ag imeacht/ ag dul isteach

Time flies.

Ar thug tú faoi deara

Ar thug tú faoi deara an frása a d'úsáid Elanore nuair a bhí sí ag iarraidh an t-ábhar cainte a athrú? Féach:

Ós ag caint ar mhná – Speaking of women ...

Is frása an-úsáideach é 'Ós ag caint ar ...' nuair atá tú ag iarraidh casadh a chur i gcomhrá agus ábhar eile cainte a tharraingt isteach sa phlé. *This can be a very handy little transitional phrase when you want to segue into a new topic of conversation.*

Seo anois cúpla frása úsáideach a chuideoidh leat athrú scéil a tharraingt ort féin. Agus tú ag iarraidh casadh a chur sa chomhrá go béasach:

Ós ag caint ar mhná, níor chas mé le Sadie

Speaking of women, I have never met Sadie.

Ós ag caint ar Sheán atá muid, ar chuala tú uaidh le déanaí?

Speaking of Seán, have you heard from him recently?

Ós ag trácht ar scannáin atá muid, an cuimhin leat an ceann sin ...

Speaking of films, do you remember that one ...?

Nuair a ritheann rud éigin leat:

Dála an scéil, cad é mar atá do mháthair na laethanta seo?

By the way, how's your mum these days?

Nuair a chuimhníonn tú ar rud:

Mo dhearmad! Beidh Brian anseo ar ball.

I forgot! Brian will be here in a while.

Ós ag caint ar scileanna cumarsáide atá muid, ar nós scéal nua a tharraingt ort féin, ar luaigh mé go raibh tuilleadh ábhair ar fáil sa bhileog oibre ar snas.ie?

